C/2025/110

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí: dearcadh na sochaí sibhialta

(tuairim féintionscnaimh)

TEN/842

(C/2025/110)

Rapóirtéir: **Alena MASTANTUONO**

Comhrapóirtéir: **Christophe QUAREZ**

Comhairleoir	Meritxell MARTELL LAMOLLA (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	31.5.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	26.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	172/6/0

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Ba chéim shoiléir chun cinn í Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle ([1]) (dá ngairtear ‘an Treoir maidir le Dramhaíl Radaighníomhach’ anseo feasta) maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí toisc gur leagadh síos léi íoschaighdeáin maidir le dramhaíl radaighníomhach a phleanáil agus a bhainistiú ar fud Bhallstáit an Aontais. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil a gcláir náisiúnta féin i bhfeidhm ag na Ballstáit uile. Tugann sé dá aire, áfach, go bhfuil cur i bhfeidhm na treorach míchothrom sna Ballstáit, rud a fhágann go bhfuil easpa sonraí inchomparáide ann agus, i roinnt Ballstát, go bhfuil rannpháirtíocht íseal ag an tsochaí shibhialta i mbainistiú na dramhaíola radaighníomhaí (dá ngairtear ‘BDR’ anseo feasta).

1.2. Ós rud é go dtiocfaidh méadú ar ghiniúint bhliantúil na dramhaíola radaighníomhaí sna deich mbliana amach romhainn agus ina dhiaidh sin, ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht chuimsitheach, oscailteacht agus trédhearcacht leis an tsochaí shibhialta a éascú, lena n-áirítear pobail óstacha atá ann faoi láthair agus pobail óstacha a bhféadfadh spéis a bheith acu iontu, i ngach réimse de BDR. Ba cheart an cistiú atá ar fáil a úsáid chun acmhainneacht ghrúpaí na sochaí sibhialta a mhéadú, go háirithe pobail áitiúla atá gar do shuiteálacha núicléacha, chun páirt neamhspleách a ghlacadh i dtionscadail agus i staidéir chun measúnú a dhéanamh ar chleachtais rannpháirtíochta agus trédhearcachta in BDR.

1.3. Iarrann CESE ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faireachán agus nochtadh rialta ar an bhforbairt chomhshaoil, ar fhorbairt na sláinte poiblí agus ar an bhforbairt shocheacnamaíoch i réimsí a bhaineann le BDR.

([1]) IO L 199, 2.8.2011, lch. 48.

1.4. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil imní fós ann maidir leis an easpa céimeanna sainithe chun cinn maidir le diúscairt breosla spíonta agus/nó dramhaíola ardleibhéil i bhformhór na dtíortha agus maidir leis na dátaí chun na stórtha a choimisiúnú, atá sna 2050idí go dtí na 2070idí i bhformhór na dtíortha, agus níos déanaí arís i dtíortha áirithe. Trí stóráil dramhaíola ardleibhéil a leathnú ar feadh níos mó ná céad bliain, b'fhéidir go méadófaí rioscaí agus costais agus beidh sé ina ualach ar na glúnta atá le teacht. Molann CESE go láidir do na Ballstáit réitigh bhuana diúscartha a shainaithint agus a chur chun feidhme nó réitigh chomhroinnte a chur i bhfeidhm, agus bealaí á lorg i gcónaí le hathchúrsáil a dhéanamh chun íosmhéideanna dramhaíola a lorg le diúscairt, agus straitéisí an gheilleagair chiorclaigh a úsáid. Chun freagracht a ghlacadh agus gan ualach a fhágáil faoi na glúnta atá le teacht, tá gá le hidirphlé leathan agus le breithniú a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla i dtionscadal BDR.

1.5. Chun méid na dramhaíola radaighníomhaí a ghintear a laghdú, ba cheart tús a chur le díospóireacht leathan phoiblí maidir le buntáistí, míbhuntáistí agus infhaighteacht na dteicneolaíochtaí próiseála teicniúla ábhartha, amhail athphróiseáil nó claochlú, chun a chur ar chumas na sochaí sibhialta léargas cuimsitheach a fháil agus na hargóintí uile ar son agus i gcoinne an chur chuige sin a thuiscint. Áirítear leis sin freisin an plé maidir le saoráidí nua a mbeadh dramhaíl radaighníomhach á táirgeadh acu.

1.6. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear san áireamh sna measúnuithe costais maidir le díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta méaduithe costais le himeacht ama agus gur leor an cistiú chun na costais iarbhír a chlúdach. Molann CESE do na Ballstáit feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as Eochairtháscairí Feidhmíochta (ETFanna) chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na treorach.

1.7. Tathantaíonn CESE ar na Ballstáit a bhfreagrachtaí go léir a ghlacadh orthu féin ionas nach mbeidh ualach ar na glúnta atá le teacht dramhaíl núicléach a phróiseáil, beag beann ar chineál, saolré agus leibhéal guaise na dramhaíola sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh forbairt na réiteach comhroinnte, lena n-áirítear stórtha ilnáisiúnta dramhaíola radaighníomhaí, ach gan a bheith teoranta dóibh, ina n-ábhar spéise do roinnt Ballstát de chuid an Aontais, go háirithe tíortha a bhfuil fardail bheaga nó mheánmhéide acu. Iarrann CESE ar Bhallstáit an Aontais féachaint mar is féidir réitigh chomhroinnte réamhdhiúscartha agus diúscartha den sórt sin a chur chun feidhme.

1.8. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an taighde agus an fhorbairt in BDR ar bhealach comhtháite idirdhisciplíneach. Chun tuiscint níos fearr a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar ionchais, riachtanais agus ábhair imní na sochaí a mhéid a bhaineann le BDR, ba cheart go mbeadh idirghníomhú idir Chlár Comhpháirteach Eorpach maidir le Bainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí (EURAD) agus Ardán Teicneolaíochta um Dhiúscairt Gheolaíoch Dramhaíola Radaighníomhaí (IGD-TP) le hardán SHARE (na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí i dtaighde radaíochta ianúcháin) agus le hionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus iarracht á déanamh cuimsitheacht a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart acmhainní airgeadais a leithdháileadh ar bhealach lena n-áiritheofar go mbeidh eagraíochtaí leasmhara áitiúla agus náisiúnta na sochaí sibhialta rannpháirteach go hiomchuí sa chlár seo.

1.9. Cuireann CESE chun suntais gur gá leanúint de thacú le hoideachas agus oiliúint a chur ar ghairmithe agus eolaithe in BDR. Ina theannta sin, ba cheart uirlisí nuálacha, amhail róbait atá faoi rialú bogearraí, a fhorbairt agus a úsáid chun cúraimí éagsúla BDR a dhéanamh chun sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú agus oibrithe a chosaint.

2. **Cúlra**

2.1. Gineann Ballstáit uile an Aontais dramhaíl radaighníomhach, ó leictreachas a ghiniúint i ngléasraí cumhachta núicléiche nó ó shaoráidí núicléacha a dhíchoimisiúnú nó ó úsáid ábhar radaighníomhach nach mbaineann le cumhacht, amhail feidhmeanna leighis, taighde, tionsclaíocha agus talmhaíochta. Chun cuid den dramhaíl sin a bhainistiú ar bhealach sábháilte, ní mór í a choinneáil faoi smacht agus a leithlisiú ó dhaoine agus ón timpeallacht bheo thar na mílte bliain.

2.2. Úsáideann Ballstáit an Aontais scéimeanna éagsúla aicmithe dramhaíola radaighníomhaí. Mar sin féin, chun críocha chomhiomlánú fhardail an Aontais agus chun fardail a dhéanamh inchomparáide i measc na mBallstát éagsúil, roghnaíodh scéim aicmithe Chaighdeán Sábháilteachta Ginearálta GSG-1 ([2]) na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA). Tríd is tríd, déantar dramhaíl radaighníomhach a aicmiú, ag brath ar a leibhéal radaighníomhaíochta, mar seo a leanas:

— dramhaíl ardleibhéil, a d'fhéadfadh a bheith ina breosla spíonta a bhaintear as imoibreoirí nó an dramhaíl óna hathphróiseáil. Éilíonn sé diúscairt i bhfoirmíochtaí doimhne cobhsaí geolaíocha atá cúpla céad méadar nó níos mó faoin dromchla;

([2]) Aicmiú Dramhaíola Radaighníomhaí, Caighdeáin Sábháilteachta IAEA Uimh. GSG-1, 2009, Vín.

— dramhaíl ar leibhéal idirmheánach, a éilíonn diúscairt ag doimhneachtaí idir na deicheanna de mhéadair agus cúpla céad méadar; agus

— dramhaíl íseal-leibhéil, ina bhfuil leibhéil réasúnta íseal radaighníomhaíochta agus atá oiriúnach lena diúscairt i saoráidí gar don dromchla a ndearnadh innealtóireacht orthu. Ar fud an domhain cuimsítear leis 90 % den toirt ach níl ann ach 1 % de radaighníomhaíocht na dramhaíola radaighníomhaí go léir.

Is ionann dramhaíl ar leibhéal íseal agus ar leibhéal an-íseal agus 90.7 % de mhéid iomlán na dramhaíola, is ionann dramhaíl ar leibhéal idirmheánach agus 9.1 % agus is ionann dramhaíl ardleibhéil agus 0.2 %. Cuimsítear leis an dá cheann dheireanacha níos mó ná 90 % den radaighníomhaíocht iomlán ([3]). Tá dul chun cinn déanta maidir le dramhaíl íseal-leibhéil a dhiúscairt go sábháilte san Aontas. Mar sin féin, tá réitigh bhainistíochta fhadtéarmacha maidir le dramhaíl ar leibhéal idirmheánach, dramhaíl ardleibhéil agus breosla spíonta in easnamh i bhformhór Bhallstáit an Aontais. Úsáidtear stóráil dramhaíola radaighníomhaí sna Ballstáit freisin chun am a thabhairt chun nuálaíocht cheannródaíoch a fhorbairt.

2.3. Ba é 2 334 000 m^3 fardal iomlán measta na dramhaíola radaighníomhaí san Aontas ag deireadh 2019. Bhí thart ar 66 % den dramhaíl sin diúscartha cheana féin agus bhí 34 % fós á stóráil agus ba ghá í a bhainistiú amach anseo. Stóráiltear breosla spíonta ar feitheamh diúscartha nó athphróiseála, ag brath ar straitéis BDR an Bhallstáit atá i gceist. Ní théann na réamh-mheastacháin fardail mheasta atá ann faoi láthair thar 2030 agus níl siad cuimsitheach toisc go bhfuil roinnt sonraí ar iarraidh agus nach gcuirtear pleananna na mBallstát le haghaidh tógálacha nua ná síntí saolré san áireamh.

2.4. Mar gheall ar an múchadh, díchoimisiúnú agus imscaradh saoráidí núicléacha nua atá beartaithe i dtíortha éagsúla na hEorpa, tiocfaidh méadú suntasach ar ráta bliantúil na giniúna dramhaíola sna blianta fada amach romhainn. Cé go léirítear go soiléir sna sonraí a thuairiscítear don Choimisiún, agus a thuairiscíonn an Coimisiún féin, go dtiocfaidh méadú ar ghiniúint dramhaíola sna deich mbliana amach romhainn agus ina dhiaidh sin, ní leor cáilíocht na réamh-mheastachán go fóill chun riachtanais a shainaithint agus pleananna a cheapadh go comhleanúnach agus go trédhearcach.

2.5. Ní mór do roinnt Ballstát breosla spíonta a stóráil ar feadh tréimhsí fada mar gheall ar an easpa saoráidí diúscartha atá acu faoi láthair nó mar gheall ar a n-athphróiseáil theoranta, rud a chuirfeadh ar a gcumas ábhair inscoilte a athchúrsáil agus méid na dramhaíola ardleibhéil a laghdú. Déantar é sin a chúiteamh trí shaoráidí stórála eatramhacha a thógáil lasmuigh d'fhoirgnimh imoibreora, laistigh nó lasmuigh de theorainneacha gléasraí. Chun méid na dramhaíola radaighníomhaí a laghdú, ba cheart tús a chur le díospóireacht leathan phoiblí maidir le buntáistí, míbhuntáistí agus infhaighteacht teicneolaíochtaí próiseála teicniúla, amhail athphróiseáil nó claochlú, chun a chur ar chumas na sochaí sibhialta léargas cuimsitheach a fháil agus na hargóintí uile ar son agus i gcoinne an chur chuige sin a thuiscint. Áirítear leis sin freisin an plé maidir le saoráidí nua a mbeadh dramhaíl radaighníomhach á táirgeadh acu.

2.6. Is é is aidhm leis an Treoir maidir le Dramhaíl Radaighníomhach maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a áirithiú go ndéanfar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú ar bhealach freagrach agus sábháilte chun 'ualaí míchuí ar na glúnta atá le teacht a sheachaint'. Chuige sin, ní mór do na Ballstáit creat náisiúnta reachtach, rialála agus eagraíochtúil a bhunú lena n-áirítear clár náisiúnta a ghlacadh chun na hábhair sin a bhainistiú, sláinte, sábháilteacht agus slándáil daoine a áirithiú agus an comhshaol a chosaint. Is éard atá i gceist le gealltanais idirnáisiúnta, faoi choimirce IAEA, ceanglais chun a áirithiú go ndéanfar gach dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go sábháilte do na glúnta atá le teacht.

2.7. De bhun Airteagal 10(2) den Treoir maidir le Dramhaíl Radaighníomhach, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar na deiseanna is gá don phobal le bheith rannpháirteach go héifeachtach sa phróiseas cinnteoireachta maidir le breosla spíonta agus BDR i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta. Ní chuirtear an riail seo i bhfeidhm go cothrom i roinnt Ballstát.

2.8. Is ag céimeanna éagsúla iad na tíortha go léir maidir lena gcuid dramhaíola radaighníomhaí a bhainistiú. Cé go bhfuil saoráidí diúscartha gar don dromchla agus idirmheánacha ag formhór Bhallstáit an Aontais chun dramhaíl ar leibhéal an-íseal, íseal agus idirmheánach a dhiúscairt go sábháilte, níl suíomhanna roghnaithe ach ag an bhFionlainn, ag an bhFrainc agus ag an tSualainn chun diúscairt dhomhain gheolaíoch a dhéanamh ar bhreosla spíonta agus dramhaíl ardleibhéil. Is dócha go mbeidh an chéad stór geolaíoch domhain ag feidhmiú san Fhionlainn faoi 2025, agus cinn sa Fhrainc agus sa tSualainn ina dhiaidh sin ó 2035 amach is dócha, agus ina dhiaidh sin – ó 2050 amach is dócha – sa Ghearmáin agus saBheilg. Tá sé curtha in iúl ag Ballstáit eile go dteastaíonn tréimhsí i bhfad níos faide uathu féin. Mar shampla, go dtí 2060 i gcás CZ agus SK 2065, 2130 i gcás NL go deimhin ([4]).

([3]) IAEA (2022), *Status and trends in spent fuel and radioactive waste management* [Stádas agus treochtaí i mbainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí], Sraith Fuinnimh Núicléiche IAEA Uimh. NW-T-1.14.

([4]) COM/ 2024) 197 final.

2.9. I bhformhór na dtíortha, tá moill mhór tagtha ar fhorbairt na réiteach bainistíochta fadtéarmach ar dhramhaíl radaighníomhach idirmheánach agus ardleibhéil, mar gheall ar neamhghníomhaíocht pholaitiúil agus cur in aghaidh ón tsochaí den chuid is mó. Is cúis imní don tsochaí shibhialta iad na moilleanna sin maidir le sábháilteacht agus toilleadh stórála na dramhaíola radaighníomhaí atá ann cheana agus na dramhaíola radaighníomhaí a ghinfear amach anseo.

2.10. Ní mór do na Ballstáit a measúnú ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Dramhaíl Radaighníomhach a chur isteach ina dtuarascálacha náisiúnta. Ina thuarascáil dheireanach ar dhul chun cinn ([5]), measann an Coimisiún go ndearnadh dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a bhainistiú go sábháilte san Aontas. Rud eile atá ráite sa tuarascáil ar an dul chun cinn na cláir náisiúnta a bheith i bhfeidhm ar fud an Aontais agus, de réir mheasúnú an Choimisiúin Eorpaigh, bunaíodh iad go ginearálta ar bhealach trédhearcach agus rannpháirteach. Tugann sé dá aire freisin, áfach, 'nach ndearna roinnt Ballstát beartais náisiúnta a shainiú a thuilleadh maidir lena gcuid dramhaíola radaighníomhaí go léir a bhainistiú go fadtéarmach, go háirithe dramhaíl ar leibhéal idirmheánach agus dramhaíl ardleibhéil. Ina theannta sin, níl na spriocanna a leagtar síos i roinnt clár náisiúnta uaillmhianach go leor agus beartaítear leo tréimhsí fada cur chun feidhme a d'fhéadfadh ualach a chur ar na glúnta atá le teacht'. Is iad rialú agus cistiú na gclár na príomh-shaincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Creideann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit dlús a chur le hathbhreithnithe agus nuashonruithe ar a gcláir náisiúnta, agus torthaí na bhféinmheasúnuithe agus na n-athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta á gcur san áireamh.

2.11. Is páirtithe iad an tAontas agus a 27 mBallstát i gCoinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil. An comhaontú idirnáisiúnta sin ar an daonlathas comhshaoil, ráthaíonn sé don phobal trí phríomhcheart a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil. Ar leibhéal an Aontais, áirítear forálacha maidir le rochtain ar cheartas sa Treoir maidir le Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil (2003/4/CE) ([6]) agus sa Treoir maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí (2003/35/CE) ([7]). Tá feidhm iomlán ag forálacha Choinbhinsiún Aarhus agus ag Treoracha an Aontais maidir le gníomhaíochtaí núicléacha, lena n-áirítear bainistiú dramhaíola radaighníomhaí. Sa phróiseas a ghabhann le láithreán saoráidí diúscartha a roghnú, tá claonadh ann go dtí seo an scéal a phlé leis an bpobal.

2.12. Úsáideann na Ballstáit scéimeanna éagsúla aicmithe dramhaíola radaighníomhaí bunaithe ar a gcoinníollacha tírshonracha, gan an moladh ón gCoimisiún a leanúint go díreach, agus Treoir 2011/70/EURATOM ón gComhairle á comhlíonadh acu lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go freagrach agus go sábháilte. D'fhéadfadh na difríochtaí sin dúshláin chumarsáide a chruthú maidir le dramhaíl chomhchosúil a chóireáil nó a dhiúscairt ar bhealaí éagsúla i mBallstáit éagsúla nó maidir le comhar trasteorann i measc na mBallstát ([8]).

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá ról éagsúil na heolaíochta núicléiche agus na teicneolaíochta núicléiche in earnálacha tábhachtacha (e.g. earnálacha an leighis, an taighde, na talmhaíochta, na tionsclaíochta), rud a fhágann go bhfuil ról cinntitheach aici in uathriail straitéiseach, ceannaireacht thionsclaíoch, taighde, oideachas agus cruthú fostaíochta an Aontais Eorpaigh. Cé gur cion beag den dramhaíl ghuaiseach iomlán iad dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta, tá gá le cur chuige comhtháite maidir le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.

3.2. Tá sé ríthábhachtach na leibhéil is airde sábháilteacht núicléach agus cosanta ar radaíocht a ráthú agus gléasraí cumhachta núicléiche á ndíchóimeáil, i gcomhréir leis na Treoracha de chuid an Aontais thuasluaite. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá cloí leis an gcreat dlíthiúil lena leagtar síos na caighdeáin sábháilteachta is airde d'oibrithe a bhfuil baint acu le BDR. Is saincheist tosaíochta í an tsábháilteacht d'oibrithe, do dhaoine agus don chomhshaol agus, in go leor tíortha, feidhmíonn an t-údarás rialála mar fhoinse lárnach faisnéise agus saineolais maidir le sábháilteacht an tionscadail BDR a d'fhorbair an eagraíocht cur chun feidhme. Tacaíonn CESE le gníomhaíochtaí Ghrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach atá dírithe ar fheabhas a chur ar na socruithe maidir le trédhearcacht i gcúrsaí sábháilteachta núicléiche sna Ballstáit.

([5]) COM/ 2024) 197 final.
([6]) IO L 41, 14.2.2003, lch. 26.
([7]) IO L 156, 25.6.2003, lch. 17.
([8]) IDOM Consulting agus BGE TECHNOLOGY (2022), *Study on radioactive waste classification schemes in the European Union* [Staidéar ar scéimeanna um aicmiú dramhaíola radaighníomhaí san Aontas Eorpach], tuarascáil deiridh, ENER/2021/NUCL/SI2.853676.

3.3. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil imní fós ann maidir leis an easpa céimeanna sainithe chun cinn maidir le diúscairt breosla spíonta agus/nó dramhaíola ardleibhéil i bhformhór na dtíortha agus maidir leis na dátaí chun na stórtha a choimisiúnú, atá sna 2050idí go dtí na 2070idí i bhformhór na dtíortha, agus níos déanaí arís i dtíortha áirithe. Trí stóráil dramhaíola ardleibhéil a leathnú ar feadh níos mó ná céad bliain, méadófar rioscaí agus costais agus beidh sé ina ualach ar na glúnta atá le teacht. Molann CESE go láidir do na Ballstáit réitigh bhuana diúscartha a shainaithint agus a chur chun feidhme nó réitigh chomhroinnte a chur i bhfeidhm, agus bealaí á lorg i gcónaí le hathchúrsáil a dhéanamh. Chun freagracht a ghlacadh agus gan ualach a fhágáil faoi na glúnta atá le teacht, tá gá le hidirphlé leathan agus le breithniú a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla i dtionscadal BDR.

3.4. Agus méadú tagtha ar an réamhaisnéis dramhaíola, molann CESE go ndéanfadh na Ballstáit infheistíocht in sa taighde agus san fhorbairt chun ábhair a athchúrsáil a mhéid is féidir. De réir IAEA, is féidir suas le 96 % den bhreosla spíonta a athchúrsáil agus, dá bhrí sin, bheadh níos lú úráiniam nádúrtha de dhíth chun gléasraí núicléacha a oibriú ([9]).

3.5. Tá cumarsáid thrédhearcach dhá threo maidir le BDR ó na gníomhaithe uile ríthábhachtach chun muinín a chothú agus chun tacú le cinnteoireacht níos eolasaí. Iarrann CESE go gcruthófaí na dálaí is gá le haghaidh idirphlé feabhsaithe agus éifeachtach i measc ionadaithe na sochaí sibhialta agus gheallsealbhóirí traidisiúnta poiblí agus príobháideacha BDR sna Ballstáit uile. Iarrann sé freisin go mbeadh trédhearcacht níos fearr ann i measc na ngníomhaithe uile lena mbaineann, i.e. foinse an mhaoinithe d'eintitis a bhfuil baint acu le comhairliúchán agus leis an struchtúr bainistíochta. Níor cheart d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil baint acu le BDR cistiú a fháil go díreach ón eintiteas truailliúcháin atá freagrach as BDR, ach ó chiste iontaobhais neamhspleách nó ó eintiteas eile le go ndéanfar oibiachtúlacht a áirithiú.

3.6. Éilíonn an próiseas cinnteoireachta maidir le breosla spíonta agus BDR próiseas rannpháirtíochta lena gcuirtear san áireamh tuairimí eolasacha na sochaí sibhialta tar éis pléphróiseas críochnúil. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí dul i mbun idirphlé trédhearcach leis na pobail áitiúla, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus leis na meáin go luath sa phróiseas cinnteoireachta chun muinín agus iontaoibh a chothú sna hinstitiúidí atá freagrach as dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú agus as an bpróiseas cinnteoireachta. Cuidíonn idirphlé trédhearcach le deireadh a chur le hábhair amhrais, le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus le heolas a thabhairt freisin faoi thionchair shocheacnamaíocha agus fostaíochta a bhaineann leis an tionscadal chun stórtha dramhaíola radaighníomhaí a thógáil.

3.7. Leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, cruthaítear oibleagáid dhlíthiúil ar ghineadóirí breosla spíonta agus dramhaíola costais BDR a sheasamh. Mar sin féin, tá an fhaisnéis theoranta a sholáthraítear maidir leis an gcistiú atá ar fáil chun cláir náisiúnta a chur i gcrích ina hábhar imní maidir le cur chun feidhme tráthúil na ngníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta. Agus teicneolaíochtaí nua amhail ard-imoibreoirí modúlacha agus imoibreoirí modúlacha beaga á bhforbairt agus á n-imscaradh, ní mór eolas a fháil go luath faoin mbainistiú dramhaíola agus faoi na gnéithe airgeadais a bhaineann le hoibriú ar feadh saolré agus díchoimisiúnú.

3.8. I measc na gcleachtas rannpháirtíochta reatha in BDR i bhformhór Bhallstáit an Aontais tá coimisiúin faisnéise áitiúla, coistí sábháilteachta áitiúla, comhlachais rialtais áitiúil agus comhpháirtíochtaí pobail arb é an ról atá acu faisnéis a bhailiú faoi thionscadal, plé níos leithne a eagrú leis an bpobal agus faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den tsaoráid atá i gceist, e.g. iompar agus stóráil. Molann CESE do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar chleachtais iarbhír rannpháirtíochta an phobail i bpróiseas cinnteoireachta BDR chomh maith le cur chun feidhme na trédhearcachta.

3.9. Tiocfaidh méadú sna blianta amach romhainn ar líon an phearsanra cháilithe is gá chun dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú agus a dhiúscairt go sábháilte agus go héifeachtúil san Eoraip. Is dúshlán fós é i roinnt mhaith tíortha saineolas agus scileanna a fhorbairt agus a chothabháil agus oideachas agus oiliúint a chur ar bhaill foirne in BDR. Tá sé ríthábhachtach leanúint de thacaíocht a thabhairt d'oideachas agus d'oiliúint gairmithe agus eolaithe in BDR agus aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá sé BDR a mheas mar dhúshlán 'sochtheicniúil' agus 'cur chuige sochtheicniúil' a mholadh i leith dramhaíl radaighníomhach. Ina theannta sin, ba cheart uirlisí nuálacha, amhail róbait atá faoi rialú bogearraí, a fhorbairt agus a úsáid chun cúraimí éagsúla BDR a dhéanamh chun sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú agus oibrithe a chosaint.

([9]) IAEA (2019), *Management of Spent Fuel from Nuclear Power Reactors – Learning from the Past, Enabling the Future* [Bainistiú Breosla Spíonta ó Imoibreoirí Cumhachta Núicléiche – Foghlaim ón am atá thart, An Todhchaí a Chumasú], Feasachán IAEA, Vín.

3.10. I gcomhréir leis na hoibleagáidí faoi Airteagal 3(2), (3) agus (4) de Choinbhinsiún Aarhus, molann CESE cistí a chur ar fáil chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i mbainistiú dramhaíola radaighníomhaí a fheabhsú, lena n-áirítear i dtaighde agus in oiliúint amach anseo. Trí dhearcthaí sochaíocha a chomhtháthú, ní hamháin gur féidir nuálaíocht a chothú i sábháilteacht BDR, i mbainistiú eolais, i bhfaireachán agus i ndearadh agus i gcur chun feidhme teicneolaíochtaí núicléacha, ar cuid riachtanach iad den phróiseas eolaíoch agus innealtóireachta, ach is féidir aistriú chuig an aeráidneodracht atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de a áirithiú freisin.

3.11. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach faireachán córasach a dhéanamh ar a mhéid a dhéantar an t-idirphlé agus an idirghníomhaíocht idir na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha rialtais agus ar an leibhéal áitiúil chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear pobail áitiúla, a chur chun feidhme go hiarbhír sna Ballstáit. D'fhéadfadh measúnú a bheith mar thoradh ar fhaireachán den sórt sin i gcás inar gá chun ról rannpháirtíocht an phobail i gcéimeanna éagsúla an phróisis cinnteoireachta polaitiúla a shoiléiriú agus chun comhordú níos fearr a chothú idir an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil, go háirithe maidir le saincheisteanna suímh, ar saincheisteanna iad a bhfuil tábhacht go nádúrtha ag baint le leasanna áitiúla iontu.

3.12. D'fhéadfadh forbairt réiteach comhroinnte amhail stórtha ilnáisiúnta le haghaidh BDR a bheith ina n-ábhar spéise do roinnt Ballstát de chuid an Aontais, go háirithe tíortha a bhfuil fardail bheaga nó mheánmhéide acu. Mar sin féin, braitheann a n-indéantacht ar go leor gnéithe éagsúla, lena n-áirítear breithnithe na sochaí sibhialta.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tacaíonn CESE le hiarrachtaí comhordaithe taighde sna réimsí teicniúla agus eolaíocha, amhail EURAD agus obair IGD-TP chun cur chun feidhme tráthúil na diúscartha geolaíche doimhne sábháilte san Eoraip a éascú agus chun comhthuiscint idir na Ballstáit a chothú. Tá an easpa rannpháirtíocht fhónta ón tsochaí shibhialta san iarracht taighde sin ina cúis leis an gclaonadh atá ag feidhmeoirí, rialtóirí agus teicnea-eolaithe oibriú ar BDR gan geallsealbhóirí na sochaí lena mbaineann a chur san áireamh, amhail daoine den phobal i bpobail óstacha ionchasacha a bhfuil eolas ábhartha acu agus ar spéis leo páirt a ghlacadh sa díospóireacht theicniúil. Tá rannpháirtíocht ghníomhach geallsealbhóirí ó na pobail áitiúla a ndéanann saoráidí diúscartha agus stórála difear dóibh trí phróisis agus struchtúir rannpháirtíochta ríthábhachtach chun braistint úinéireachta comhroinnte a spreagadh sa phróiseas.

4.2. Iarrann CESE go gcuirfí príomhtháscairí feidhmíochta iomchuí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme na Treorach maidir le Dramhaíl Radaighníomhach, go háirithe sa chéad timthriall tuairiscithe eile. Ní hamháin go bhfuil eochairtháscairí feidhmíochta ríthábhachtach chun tuairisciú don Choimisiún Eorpach gach trí bliana ach is sásra úsáideach iad freisin chun trédhearcacht a áirithiú don phobal.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE